Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11721/2/20**
**REV 2**

**SOC 608**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11084/20 |
| Ábhar: | Cosaint Ioncaim Íosta a Neartú chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac le linn Phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin<br>Conclúidí ón gComhairle (an 9 Deireadh Fómhair 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Cosaint Ioncaim Íosta a Neartú chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac le linn Phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad tríd an nós imeachta i scríbhinn a dúnadh an 9 Meán Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Cosaint Ioncaim Íosta a Neartú chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac le linn Phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Agus an méid seo a leanas Á ADHMHÁIL AICI**

1. Sainaithnítear neamhionannais i gClár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí 2019-2024 mar mhór-riosca polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch agus iarrann sí go gcuirfear deiseanna ar fáil do chách. Agus cur síos á dhéanamh ar an mbealach chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, cuirtear béim sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Eoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa"[1] ar fheabhas a chur ar chosaint shóisialta agus ar chuimsiú sóisialta: chun nach bhfágfar duine ar bith ar lár i ré an athraithe, ní mór an bhochtaineacht a chomhrac.

2. In ainneoin na mbeart a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, léirítear leochaileachtaí leis an méid atá ag titim amach go sóisialta agus go heacnamaíoch dá bharr agus cuireann sé go suntasach leis na leochaileachtaí sin, rud a chuireann leis an mbaol go ndéanfaí deighiltí socheacnamaíocha san Eoraip a dhoimhniú[2]. Luaitear sa "Treochlár don Téarnamh", ar díol sásaimh é do Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí, gur gá aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí socheacnamaíocha na géarchéime. Dúshlán mór is ea ioncam na ndaoine a chaill a bpost a chosaint, ioncaim na ndaoine sin a bhfuil meath nó caillteanas ioncaim ag bagairt orthu agus na daoine sin nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a chosaint. Tá ról ríthábhachtach ag cosaint ioncaim íosta, mar aon le seirbhísí gníomhachtúcháin agus cumasúcháin maidir le baol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a mhaolú le linn na géarchéime seo agus, dá bhrí sin, tacaíonn sí leis na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí, anois agus amach anseo[3].

1 COM(2020) 14 final.

2 ECFE 2020: COVID-19: Daoine agus sochaithe a chosaint.

3 EIS 2020: Freagairtí cosanta sóisialta ar ghéarchéim COVID-19: Freagairtí tíre agus breithnithe beartais.

3. Ní hamháin go rannchuidíonn scéimeanna ioncaim íosta ar bhealach bunriachtanach le cosaint shóisialta na ngrúpaí sin is measa atá buailte ag an ngéarchéim, ach bíonn tionchar cobhsaíochta acu freisin ar an éileamh foriomlán ar earraí agus ar sheirbhísí a tháirgtear sa gheilleagar[4].

4. Le faireachán a dhéanamh ar na treochtaí foriomlána, de ghnáth dearbhaítear a thábhachtaí atá sé cosaint ioncaim íosta agus cuimsiú gníomhach san Eoraip a neartú. Le deich mbliana anuas tá na milliúin daoine tar éis an bhochtaineacht a chur díobh ar fud an Aontais. Mar sin féin, ní bhaintear amach sprioc an Aontais cuidiú le 20 milliún saoránach an bhochtaineacht a chur díobh faoi 2020. Fiú amháin sular bhris an phaindéim amach, d'fhan níos mó ná duine as gach cúigear Eorpach, ar an iomlán, agus duine as gach ceathrar leanaí i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta[5]. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar chás na líonta tí aontuismitheora agus na ndaoine atá ina gcónaí i líonta tí (ghar-)dhífhostaithe ós rud é go bhfuil siad thar a bheith leochaileach. Tá siad fós i mbaol bochtaineachta[6], agus tá méadú fiú ar dhoimhneacht na bochtaineachta i ndán don ghrúpa deiridh. Léiríonn an fhorbairt sin na bearnaí a fheictear i gcosaint an ioncaim íosta ar fud na hEorpa i dtaca le leordhóthanacht, cumhdach agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin[7]. Is beag dul chun cinn a rinneadh le deich mbliana anuas chun na bearnaí sin a dhúnadh[8].

5. Ba cheart cosaint ioncaim íosta a mheas mar chuid den chóras leasa náisiúnta ina iomláine: cuireann sochair shóisialta agus seirbhísí sóisialta dea-dheartha, comhtháite, leordhóthanacha agus inbhuanaithe cosaint éifeachtach ar fáil do chách. Bíonn torthaí luachmhara sóisialta agus eacnamaíocha ann san fhadtéarma a bhuí leis an infheistiú i gcórais cosanta sóisialta. Cuireann cosaint shóisialta leis an athléimneacht shocheacnamaíoch, le forbairt an chaipitil dhaonna agus le comhionannas deiseanna, go háirithe i gcás leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.

---

4 Parlaimint na hEorpa 2010: Staidéar ar *The Role of Social Protection as Economic Stabiliser: Lessons from the Current Crisis* [Ról na Cosanta Sóisialta mar Chobhsaitheoir Eacnamaíoch: An chiall a cheannaítear ón ngéarchéim reatha].

5 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/t2020_50/default/table?lang=en.

6 Eurostat 2020: Ráta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta de réir thairseach na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus de réir chineál an lín tí; An Coiste um Chosaint Shóisialta 2019: Tuarascáil Bhliantúil.

7 *Joint Employment Report 2020* [Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2020], lch 34.

8 Parlaimint na hEorpa 2017: Staidéar ar *Minimum Income Policies in EU Member States* [Beartais Ioncaim Íosta i mBallstáit an Aontais]; An Coimisiún Eorpach 2016: Scéimeanna ioncaim íosta san Eoraip: Staidéar ar bheartais náisiúnta 2015.

6. Cuireann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta béim ar an bprionsabal go bhfuil an ceart ag gach duine nach bhfuil dóthain acmhainní acu tairbhithe leordhóthanacha ioncaim íosta a fháil lena n-áirithítear an dínit ag gach céim den saol, agus an ceart chun rochtain éifeachtach ar earraí agus ar sheirbhísí cumasúcháin.

7. Tá ról lárnach ag roinnt beart maidir le neamhionannas, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac, eadhon: cosaint leordhóthanach d'ioncam íosta a sholáthar trí chúnamh sóisialta, scéimeanna ioncaim íosta nó sraitheanna eile, arna sainiú go náisiúnta, de bhunráthaíochtaí cosanta sóisialta do dhaoine nach raibh in ann dul isteach i margadh an tsaothair ná dul isteach ann arís agus nach bhfuil aon chóir mhaireachtála acu. Is é an cuspóir atá leo an bhochtaineacht a mhaolú i measc líonta tí agus saol faoi dhínit a áirithiú[9]. In éineacht le dreasachtaí chun (ath-)lánpháirtiú i margadh an tsaothair dóibh siúd atá in ann obair chomh maith le rochtain éifeachtach ar earraí agus ar sheirbhísí cumasúcháin, déanann scéimeanna ioncaim íosta cuimsiú gníomhach daoine san fhostaíocht agus sa tsochaí a chur chun cinn. Chun neamhchosaint níos mó na mban ar chásanna bochtaineachta a laghdú agus chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a éascú, tá sé an-tábhachtach, i measc tosca eile, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hobair agus freagrachtaí cúraim a dhéanamh ag an am céanna, i gcás tuismitheoirí aonair, ar mná iad ochtar as gach deichniúr díobh[10].

---

**9** Parlaimint na hEorpa 2017 (féach thuas).

**10** Eurostat 2020: An líon daoine de réir gnéis, aoisghrúpaí, comhdhéanamh lín tí agus stádas oibre [lfst_hhindws], na sonraí is déanaí ó 2019.

8. Is faoi na Ballstáit atá sé forálacha náisiúnta a dhearadh agus a chur chun feidhme chun cosaint ioncaim íosta a áirithiú. Tá creat an Aontais maidir le cosaint ioncaim íosta ann faoi láthair i Moladh 92/441/CEE ón gComhairle[11], i Moladh 2008/867/CE ón gCoimisiún, agus i ngníomhaíochtaí ábhartha faireacháin agus comhordaithe beartais laistigh den Seimeastar Eorpach a bhfuil creat tagarmharcála an Aontais maidir le cosaint ioncam íosta mar bhonn taca leo. Dá ndéanfaí é a fhorbairt a thuilleadh, d'fhéadfadh sé go gcuideodh sé leis na bearnaí a dhúnadh atá fós ann maidir le cosaint ioncaim íosta. D'fhéadfadh cosaint éifeachtach d'ioncam íosta ar fud an Aontais cuidiú le héagothromaíochtaí sóisialta agus neamhionannais shóisialta a laghdú laistigh de na Ballstáit agus ina measc, agus ar an gcaoi sin cóineasú sóisialta aníos a fheabhsú. Leis an obair a dhéanfar amach anseo ar chreat an Aontais, d'fhéadfaí cuidiú leis an bhfeidhm cosaint ioncaim íosta a neartú freisin mar chobhsaitheoir eacnamaíoch[12] i ngeilleagair uile an Aontais, lena gcuideofaí leis an éileamh comhiomlán eacnamaíoch a chosaint in aimsir na géarchéime agus níos faide anonn.

9. Is éard atá i gceist le cosaint éifeachtach d'ioncam íosta ná sraith príomhphrionsabal a chur i bhfeidhm. Tugadh aghaidh ar na prionsabail sin freisin i Moladh 92/441 ón gComhairle, sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair[13] agus i moltaí ábhartha Mholadh um Bunchosaint Shóisialta EIS (2012, Uimh. 202). Is iad seo a leanas, go háirithe, na príomhphrionsabail:

   a. *Rochtain:* Bunaithe ar phrionsabal na huilíochta, ba cheart é a bheith de cheart ag daoine aonair atá i ngátar rochtain a fháil ar shochair ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus cuimsitheacha. Ba cheart rochtain ar shochair agus úsáid sochar a áirithiú sa chleachtas, lena n-áirítear trí nósanna imeachta um iarratais inrochtana agus simplithe agus ceart achomhairc.

---

11 92/441/CEE: Moladh ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir le critéir chomhchoiteanna a bhaineann le hacmhainní leordhóthanacha agus cúnamh sóisialta i gcórais cosanta sóisialta, IO L 245, 26.8.1992, lch. 46-48.

12 Parlaimint na hEorpa 2010 (féach thuas).

13 Moladh ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2008 maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair (2008/867/CE), IO L 307, 18.11.2008, lch. 11–14.

b. *Leordhóthanacht:* Bunaithe ar phrionsabal an tsaoil faoi dhínit, ba cheart bunriachtanais a chumhdach le sochair ioncaim íosta ar bhealach leordhóthanach agus caighdeáin mhaireachtála agus leibhéil praghsanna nó línte bochtaineachta náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar riachtanais trí mhodhanna comhsheasmhacha agus trédhearcacha a chur i bhfeidhm; ba cheart coigeartú sochar a bheith rialta agus nasctha le táscairí iomchuí. Ba cheart aird leordhóthanach a thabhairt ar chomhdhéanamh lín tí agus ar riachtanais shonracha aonair, mar shampla míchumas, cúram leanaí nó cúram fadtéarmach.

c. *Gnéithe Cumasúcháin:* Bunaithe ar phrionsabal an chuimsithe ghníomhaigh, ba cheart go mbeadh soláthar seirbhísí cumasúcháin d'ardcháilíocht i gceist le cosaint ioncaim íosta. Dóibh siúd ar féidir leo obair a dhéanamh, ba cheart dreasachtaí chun obair a dhéanamh agus beartais ghníomhacha leordhóthanacha maidir le margadh an tsaothair, amhail socrúchán agus oiliúint, a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh réimse leathan seirbhísí sóisialta amhail comhairle, lena n-áirítear comhairle dlí agus faisnéis maidir leis an tacaíocht atá ar fáil, cúnamh agus comhairleoireacht leordhóthanach ina gcomhlánú ar na scéimeanna chun a bhfor-rochtain éifeachtach a áirithiú agus chun tacaíocht a chur ar fáil do chách.

10. Cuireann an Seimeastar Eorpach le faireachán luachmhar agus le comhordú beartais tríd an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, trí na Tuarascálacha Tíre agus trí Mholtaí Tírshonracha, chun éifeachtacht na cosanta ioncaim íosta a fheabhsú. Mar thaca le faireachán ar leibhéal an Aontais, soláthraítear pointe tagartha tábhachtach ina leith sin leis an gcreat tagarmharcála a d'fhorbair an Coiste um Chosaint Shóisialta maidir le leordhóthanacht, incháilitheacht agus gníomhachtú i réimse an ioncaim íosta. I gcás forbairtí amach anseo ar an gcreat faireacháin sa réimse seo, is tairbheach í tuilleadh oibre a dhéanamh ar fhaisnéis inchomparáide ardcháilíochta a bhailiú, idir fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil, agus aird chuí á tabhairt ar na beartais éagsúlaithe maidir le cosaint ioncaim íosta sna Ballstáit.

11. Taispeánann luachálacha[14] torthaí measctha nó fiú torthaí neamhshuntasacha go leor maidir le cur chun feidhme na treorach beartais dá bhforáiltear sa Mholadh ón gComhairle maidir le critéir chomhchoiteanna i ndáil le hacmhainní leordhóthanacha agus cúnamh sóisialta i gcórais cosanta sóisialta agus sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair. Cuireann sé sin i bhfios go láidir an gá atá le tuilleadh gníomhaíochta.

12. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Deireadh Fómhair 2017[15], iarrtar ar na Ballstáit go léir scéimeanna leordhóthanacha ioncaim íosta a thabhairt isteach, agus béim á leagan ar an ról atá ag cosaint ioncaim íosta mar uirlis chun an bhochtaineacht a chomhrac. Ar an gcaoi chéanna, iarrann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa gníomhaíocht maidir le cosaint ioncaim íosta ina thuairim an 20 Feabhra 2019[16].

---

14 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme mholadh 92/441/CEE an 24 Meitheamh 1992 maidir le critéir chomhchoiteanna a bhaineann le hacmhainní leordhóthanacha agus cúnamh sóisialta i gcórais cosanta sóisialta, COM/98/0774 final; Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Mholadh 2008 ón gCoimisiún maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, SWD (2017)257 final.

15 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Deireadh Fómhair 2017 maidir le cosaint ioncaim íosta mar uirlis chun an bhochtaineacht a chomhrac (2016/2270(INI).

16 Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Feabhra 2019, SOC/584-EESC-2018.

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

13. A nDÍCHEALL A DHÉANAMH CHUN A ÁIRITHIÚ go gcomhlíonann a scéimeanna náisiúnta maidir le cosaint ioncaim íosta moltaí ábhartha an Aontais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go bhfuil siad inrochtana agus leordhóthanach, agus go gcumasaíonn siad cuimsiú sóisialta agus cuimsiú i margadh saothair na dtairbhithe;

14. TEAGMHÁIL A DHÉANAMH leis na geallsealbhóirí lena mbaineann amhail údaráis ábhartha lena n-áirítear comhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus, nuair is iomchuí, le daoine atá faoi bhochtaineacht agus scéimeanna faoi seach á bhforbairt, á nuashonrú agus á gcur chun feidhme;

15. SCRÚDÚ A DHÉANAMH, mar chuid de na meastóireachtaí rialta, ar fheidhmiú agus leordhóthanacht na scéimeanna cosanta ioncaim íosta chun iarmhairtí socheacnamaíocha diúltacha ghéarchéim COVID-19 a mhaolú agus chun tacú le cuimsiú sóisialta agus cuimsiú i margadh an tsaothair agus, i gcás inar gá, bearta A SHAINIÚ agus A CHUR CHUN FEIDHME chun a n-éifeachtacht a fheabhsú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon;

16. IARRACHTAÍ A DHÉANAMH chun faisnéis a sholáthar do dhaoine a d'fhéadfadh na ceanglais incháilitheachta arna mbunú go náisiúnta a chomhlíonadh faoina gcearta chun cosanta ioncaim íosta; A MHOLADH do na daoine sin iarratas a dhéanamh ar airgead tirim nó ar shochair chomhchineáil agus chun leas a bhaint as tairbhí faoi seach a mbeidh gníomhachtú agus seirbhísí cumasúcháin ag gabháil leo; agus

17. sonraí a BHAILIÚ atá imdhealaithe de réir gnéis chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na beartais cosanta ioncaim íosta agus ar a n-éifeachtaí, agus TACÚ leis an gCoimisiún Eorpach, leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus leis an gCoiste Fostaíochta agus tuarascáil thréimhsiúil á hullmhú acu maidir le forbairt cosanta ioncaim íosta *inter alia* trí fhaisnéis agus sonraí a sholáthar maidir le príomhtháscairí le haghaidh gnéithe rochtana, leordhóthanachta agus cumasúcháin.

**IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta agus samhlacha éagsúla don mhargadh saothair á gcur san áireamh acu, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

18. OIBRIÚ LE CHÉILE chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, agus chun tiomantas a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann maidir le cosaint ioncaim íosta sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta;

19. na gnéithe fostaíochta agus sóisialta laistigh den Seimeastar Eorpach A NEARTÚ mar chomhordú don bheartas eacnamaíoch, fostaíochta agus sóisialta maidir le cosaint ioncaim íosta, agus moltaí beartais faoi seach A SHOLÁTHAR ina léirítear léargas fadtéarmach agus cothromaíocht maidir le riachtanais an bheartais eacnamaíoch, fhioscaigh, fostaíochta agus shóisialta;

20. malartú dea-chleachtas A NEARTÚ, mar aon le líonrú na bpointí teagmhála náisiúnta le haghaidh cúnaimh trastíre agus an fhoghlaim fhrithpháirteach chun cosaint ioncaim íosta a fhorbairt a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear laistigh den Líonra ar son an Ioncaim Íosta (MINET) mar fhóram teicniúil de chuid an Choiste um Chosaint Shóisialta; agus

21. AN LEAS IS FEARR IS FÉIDIR A BHAINT AS tacaíocht spriocdhírithe atá ar fáil ó chistí an Aontais, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an ionstraim théarnaimh *Next Generation EU* chun cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht.

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, laistigh de na hinniúlachtaí atá aige mar a leagtar amach sna Conarthaí iad, agus aird chuí á tabhairt ar na himthosca náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

22. Nuashonrú A THIONSCNAMH ar chreat an Aontais chun tacú ar bhealach éifeachtach le beartais na mBallstát maidir le cosaint náisiúnta ar ioncaim íosta agus chun na beartais sin a chomhlánú.

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ar an gCoiste Fostaíochta, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

23. Tagarmharcáil atá ann cheana san Aontas A FHORBAIRT A THUILLEADH i réimse na cosanta ioncaim íosta d'fhonn faireachán ar fheidhmíocht a éascú agus tacú le luamháin bheartais thar na trí phríomhghné de chosaint ioncaim íosta, eadhon leordhóthanacht, rochtain agus soláthar seirbhísí cumasúcháin, lena n-áirítear na seirbhísí sin a éascaíonn rannpháirtíocht i margadh an tsaothair; agus

24. Tuarascáil chomhpháirteach a ULLMHÚ go tráthrialta chun anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt na cosanta íosta ioncaim sna Ballstáit, ag cur leis an gcreat tagarmharcála le haghaidh cosaint ioncaim íosta arna bhunú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart anailís eimpíreach a dhéanamh, go háirithe, sa tuarascáil ar an ról atá ag cosaint ioncaim íosta maidir le tacaíocht a thabhairt don fhostaíocht agus maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht chomh maith le neamhionannais ioncaim agus deiseanna lena n-áirítear gnéithe den neamhionannas inscne. Ba cheart go gcumhdófaí cur i bhfeidhm ghnéithe na rochtana, na leordhóthanachta agus gnéithe cumasúcháin den chosaint ioncaim íosta sa tuarascáil. Ba cheart go ndéanfadh sé staidéar freisin ar an acmhainneacht a bhaineann le cosaint ioncaim íosta chun an geilleagar agus an tsochaí a chobhsú i dtrátha an tsleabhctha eacnamaíoch, i gcomhar le bearta eile fostaíochta agus cosanta sóisialta.